

TÁILLIÚIR, GRÉASOIDHE, GABHA.

27

Bean a raibh triúr baitsiléaraí aice, badh táilliúr duine acab, agus badh ghréasaidhe fear eile acab, badh gabha fear eile acab. Níl Domhnach ar bith nach dteagadh, an triúr acab ag breathnú ar an mbéal óg a rabhadar ag cúirtéarcht leithe. Badh é an gabha ba ghoire don teach a raibh sí ann, agus sé a thagadh bunáite chuile lá.

Dubhairt sí annsin go bhfanfadh sí fhéin gan dhul ar an Aifreann chor bith. Chuaidh an chuid eile dá raibh sa teach chun an Aifrinn agus d'fhan sise sa mbaile.

Níorbh fhada sa lá a bhí sé chor ar bith, nuair a tháinig an táilliúr.

"An bhfuil aon duine annseo ach tusa", adeir sé.

"By dad níl indiu", adeir sí.

"Is fada mise ag fanacht le píosa cainte fhághail leat-sa", adeir sé .

"Tá sé a'd anois", adeir sí. (ní hé sin mise).

28

Bhí an táilliúr ag siosga agus ag cur dhó, agus ag caint, agus bhí sise ag coinnéal cainte leis, agus ag siubhal síos is anois chun an dorais, agus ag breathnú amach i gcomhní, go bhfaca sí an gréasaidhe ag teacht.

"Tá an gréasaidhe ag teacht", adeir sí, "agus déarfaidh sé nuair nach bhfuil annseo, ach mise agus tusa go mbeimidh, contráilte le chéile agus céard a dhéanfas mé leat chor ar bith", adeir sí.

"Níl fhios a'm", adeir an táilliúr.

"Cuirfidh mé isteach sa gcomhra seo thú", adeir sí.

Cuireadh an táilliúr isteach sa gcomhra agus dúnadh air é.

Tháinig an gréasaidhe isteach.

"Bhfuil annseo a'tusa", adeir an gréasaidhe.

"By dad níl indiu", adeir sí.

29

"Muise, míle buidheachas le Dia, nach bhfuil", adeir sé. "Is fada mise ag fanacht le píosa cainte a dhéanamh leat, agus níor fhéad mé a fhághail go dtí indiu", adeir sé.

"Níl tú anois mar sin", adeir sí.

"Féadfaidh tú bheith ag cainnt".

Thosuigh an gréasaidhe ag sgiolla agus ag cainnt air fhéin, agus bhí sise ag coinnéal cainnte leis, agus í ag siubhail soir agus anoir ag an doras ag breathnú amach i gcomhnaidhe. Is gearr go bhfaca sí an gabha ag teacht.

"Tá an gabha ag teacht", adeir sí "agus céard a dhéanfas mé, chor ar bith leat, nuair nach bhfuil istigh ach mé fhéin is tú fhéin. Déarfaidh sé go mbfuilimid contrabháilte le chéile".

"Dún an doras air", adeir an gréasaidhe "agus ná lig isteach chor ar bith é. Abair nach bhfuil istigh ach tú féin".

30

Dhúin sí an doras ar an ngabha agus nuair a tháinig an gabha go dtí an doras dubhairt sí nach raibh istigh ach í fhéin agus nach bhféadach sí a leigean isteach.

"Go gcuiridh Dia an t-ádh ort", adeir an gabha "agus cuir t'ánál amach trí pholl an ghlais chugam agus is mór an soilgheas a dhéanfas do mo chroidhe arís go ceann seachtaine".

"Ná bac leis", adeir an gréasaidhe, adeir sé. "Cuirfidh mise bruim aige ann." Chuaidh an gréasaidhe síos agus sgaoil sé a bhríste dhe agus leag sé a thón ar pholl na h-eochrach agus chuir sé amach aige ann é.

"Muise, go gcuiridh Dia an t-ádh ort", adeir sé léithe "is mór an soilgheas a dhéanfa sé sin dom go ceann seachtaine".

D'imthigh sé leis chó tapaidh agus d'fhéad sé go dtí an ceardcha agus rinne sé teinne agus tharraing sé borra dearg sa teinne.

31

Nuair a bhí sí chomh dearg aige agus d'fhéadfadh sí a bheith, rinne sé ar air arís go dtáinig sé chun an doras aice agus an borra dearg ina láimh.

"Ar son Dé, agus na Maighdine", adeir sé, cuir puth eile dhe d'anáil amach chugam agus déanfaidh sé soilgheas mór dom go ceann seachtaine."

"Ná bac leis", adeir an gréasaidhe, "cuirfidh mise ceann eile chuige". Thosuaig an gréasaidhe agus sgaoil sé dhe arís agus shocruigh sé é fhéin le ceann eile a chur chuige. Nuair a chonnaic an gabha an solus dúinte i bpoll na heochrach, sháith sé an biorra dearg i bpoll na heochrach agus suas i dtóin an ghréasaidhe a chuir sé é.

32

"Ámh ó, go deo", adeir an gréasaidhe, "briughte dóighte, briughte dóighte".

"Ara a bhfuil duine ar bith beo, a dhul an bóthar", adeir an táilliúr, "a thiubhradh an comhra amach".

Máire Bairéad a bhí ar an mbaile seo (Loch Con Uidhre) a chuala sé an sgéal seo.

Ba as an gCoillín í .

10/10/1931